# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 17:** *Naomh Breandán*




110-STG H Clarke, *Meeting of St Brendan with Unhappy Judas*

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Is painéal álainn gloine dhaite é seo a chruthaigh an t-ealaíontóir Éireannach, Harry Clarke, sa bhliain 1911. Anseo tá Naomh Breandán le feiceáil ar bhád agus tá a leathbhádóirí ag bualadh le hIúdas míshásta. Tá greim á choinneáil ag Iúdas ar charraig agus tá pionós á ghearradh air de bhrí go ndearna sé feall ar Íosa. Tá an chuma ar Bhreandán go bhfuil sé ar tí an bád a fhágáil agus dul chun cainte le hIúdas agus tá cuma scanraithe ar a leathbhádóirí.

## Céard é Gloine Dhaite?

Is píosa de ghloine, dathanna éagsúla, atá ann, a úsáidtear chun patrún nó pictiúr maisitheach a dhéanamh trí úsáid a bhaint as fráma luaidhe (miotal). Bíonn samplaí le feiceáil i bhfuinneoga séipéil go minic. Seans gurb é cruthaitheoir na gloine daite seo, Harry Clarke, an t-ealaíontóir gloine dhaite Éireannach is cáiliúla agus tá a shaothar le feiceáil ar fud na hÉireann i séipéil agus gailearaithe éagsúla. I gCorcaigh, tá saothair dá chuid le feiceáil i Séipéal Honan i gColáiste na hOllscoile, Corcaí nó i nGailearaí Crawford. D'úsáid Harry Clarke dathanna geala nuair a bhí a shaothair á gcruthú aige agus thaitin gorm dorcha leis, mar is léir ón saothar gloine dhaite seo. Ba bhreá le Harry Clarke Naomh Breandán a thabhairt chun beochta ina shaothair ghloine, ach cérbh é Naomh Breandán?

## Naomh Breandán Loingseoir

Rugadh Naomh Breandán Loingseoir i gCo. Chiarraí sa bhliain 484. Bhunaigh sé go leor mainistreacha ar fud na hÉireann ach ba bhreá leis a bheith ag taisteal ar an bhfarraige freisin. Is iomaí eachtra a bhí aige féin agus a leathbhadóirí i gcurach (bád beag) lena n-áirítear aistear seacht mbliana a thug chomh fada leis an Íoslainn, an Ghraonlainn agus b'fhéidir Meiriceá fiú é, fiú amháin sula raibh an áit bainte amach ag Christopher Columbus. Is é Breandán Naomhphátrún na Mairnéalach agus na dTaistealaithe.

## Bímis ag canadh!

Anois ó tharla gur breá libh a bheith ag canadh, sílim gur cheart dúinn an t-amhrán spraíúil seo faoi Naomh Breandán le Christy Moore a chanadh. Seo a leanas an chéad véarsa agus curfá agus tá tuilleadh véarsaí agus leagan taifeadta den amhrán le fáil ar líne.

## *St. Brendan's Voyage* le Christy Moore

*A boat sailed out of Brandon in the year of 501*
*'twas a damp and dirty mornin' Brendan's voyage it began.*
*Tired of thinnin' turnips and cuttin' curley kale*
*When he got back from the creamery he hoisted up the sail.*
*He ploughed a lonely furrow to the north, south, east and west*
*Of all the navigators, St. Brendan was the best.*
*When he ran out of holy water he was forced to make a stop,*
*He tied up in Long Island and put America on the map.*
*Did you know that Honolulu was found by a Kerryman,*
*Who went on to find Australia then China and Japan.*
*When he was touchin' 70, he began to miss the craic,*
*Turnin' to his albatross says he "I'm headin' back".*


*-CURFÁ-*

*"Is it right or left for Gibraltar"*
*"What tack do I take for Mizen Head?"*
*"I'd love to settle down by Ventry Harbour",*
*St. Brendan to his albatross he said.*



## Inseoimis Scéal!

An féidir leat scéal Naomh Breandán a insint? Anseo tá léarscáil ar a bhfuil eolas faoi roinnt de na rudaí a shílimid a tharla do Naomh Breandán ar a bhealach i dtreo Mheiriceá... (Seachas Donald Trump ar ndóigh – is jóc é sin!)




Is féidir leat tús a chur leis an scéal i gCiarraí áit a bhfuil Breandán agus a leathbhádóirí ag tógáil báid agus á lódáil le soláthairtí. Céard a thug siad leo?

Ansin is féidir leat na huimhreacha idir 1-6 a leanúint chun an chuid eile den scéal a insint. Céard a shíleann tú a tharla nuair a chonaic Naomh Breandán na rudaí aisteacha seo? An dóigh leat go raibh eagla air? Conas ar éirigh leis déileáil leis na bacainní seo agus leanúint ar aghaidh lena thuras?

B'fhéidir go bhféadfá roinnt scéalta a tharraingt cosúil leis na scéalta a bhíonn le feiceáil i stiallghreannán!

## Déanaimis Gloine Dhaite!

Déanaimis saothar gloine dhaite dár gcuid féin. Is féidir leat seanpháipéir milseán a úsáid mar ‘gloine’ -sílim féin go n-oibríonn seanpháipéir *Quality Street* iontach maith:

Ar dtús, tarraing pictiúr ar phíosa páipéir nó cárta dubh (is féidir cairtchlár ó bhosca gránaigh a úsáid freisin). Ní gá bád a tharraingt – féadfaidh tú cibé rud is mian leat a tharraingt ach cinntigh go bhfuil na cruthanna mór ionas gur féidir leat iad a ghearradh amach go héasca.

Ansin, cuir poill i gcúinní do líníochta trí pheann a úsáid, cosúil leis an bpictiúr thíos, ionas go mbeidh sé níos éasca na cruthanna a ghearradh.



Úsáid siosúr chun na cruthanna a ghearradh.

Faigh na seanpháipéir milseán agus cuimil le do mhéar chun fáil réidh leis na filltíní móra.

Gearr na seanpháipéir milseán an méid céanna leis na poill agus greamaigh ar chúl an chárta trí ghliú nó seilitéip a úsáid. Mura bhfuil dóthain de dhath amháin agat is féidir leat dath cosúil a úsáid, díreach mar a rinne mé leis an tonn chorcra thíos.



Cas an leathanach chun féachaint ar do mhórshaothar gloine dhaite agus croch ar fhuinneog chun an rud ar fad a fheiceáil. Is bealach iontach é seo chun fuinneog a ghealú, go háirithe ar lá dorcha, gruama!



---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.